AN FIADHÚLRA
eolas ar an gcomhshaol

www.enfo.ie

Crainn ar Láithreáin Fhorbraíochta

Is féidir cáilíocht chomhshaol láithreáin fhorbraíochta ar bith, cibé an láithreán cónaithe, tráchtála nó tionscail é, a fheabhsú trí chrainn aibí a choinneáil air. Le cois an luach a bhaineann leo mar mhaisiúchán, soláthraíonn siad foscadh agus scáth, agus is féidir leo gníomhú mar scagaire deannaigh agus torainn. Fágann crainn cuma na haibíochta ar fhorbraíocht nua freisin. Bíonn meas ag go leor forbróirí ar na gnéithe seo, a thuigeann gur féidir a bheith ag súil go bhfaighidh láthreáin ar a bhfuil crainn aibí torthaí níos fearr ó thaobh an airgid a thuillfear orthu. Tá sé inmhianaithe mar sin, ar mhaithe leis an bhforbróir agus le saoráidí poiblí araon, go gcoinneofaí an oiread crann ar láithreán agus a bheidh oiriúnach do riachtanais na forbraíochta.

Ní mór do chrann a bheith in ann análú trína chuid duilleog, agus leordhóthain uisce agus ábhar cothaitheach a shú trína chuid fréamh ó ithir atá réasúnta aeraithe. Fásann crainn aibí agus taise na hithreach, ábhair chothaitheacha, aerú, draenáil agus micrea-aeráid ar fad ar chóimhéid go mion lena chéile thart ar na crainn. Má chuireann gníomhaíochtaí foirgníochta ar an láithreán isteach ar riocht aon cheann de na gnéithe seo, lagófar sláinte chrainn.

Trí Chéim san Obair

Bíonn trí chéim ag teastáil san obair chun an líon barrmhaitheasach de chrainn a choinneáil ar láithreán forbraíochta:

- ***Suirbhéireacht chrann, chun na crainn sin is fiú a choinneáil, a shainaithint. Ba chóir go dtaispeánfaí suíomh beacht gach crann sa tsuirbhéireacht, a leithne is atá spré dhuilleoga an chrainn agus an crann timpeall a stoic, agus leibhéal na talún ag bun an chrainn. Is féidir an t-eolas seo a bhailiú i gcaitheamh na suirbhéireachta ginearálta ar an láithreáin. Is féidir le crannadóir nó gairneoir le taithí na speicis a shainaithint agus meastóireacht a dhéanamh ar shláinte na gcrann agus ar a luachmhaire is atá siad mar shaoráid ansin.***
- ***Ní mór dua a chaitheamh leis an obair ag céim dheartha an***



Riachtanais na gCrann ó thaobh na Bitheolaíochta

láithreáin, chun foirgnimh, bóithre agus seirbhísí a shuíomh sa chaoi is nach gcaithfear crainn a leagan gan ghá agus le hathruithe díobhálacha ar leibhéil an láithreáin a sheachaint.

- ***Ní mór dua a chaitheamh leis an obair i gcaitheamh chéim fhorbartha an láithreáin chun na crainn atá le coinneáil a chosaint.***



Dála le seachaint

Crainn agus Oibreacha ar Láithreáin

Leibhéal an Láithreáin Bíonn formhór a bhfréamhacha ag crainn sa chéad 1.25m (4 throigh) den ithir agus téann na fréamhacha beagáinín amach ó spré na gcraobh lastuas de ghnáth. Deanfar dochar do na fréamhacha má dhéantar aon athrú ar leibhéal na talún nó ar a dhlúithe is atá an ithir laistigh den limistéar seo. Is rí-éasca mar is féidir le hathruithe den sórt sin cur as do chrainn aibí, cé gur seans nach bhfeicfí na héifeachtaí, bás crainn go minic, go ceann roinnt mhaith blianta. Tá crainn ann a mbíonn a gcuid fréamhacha sách gar do dhromchla na talún, amhail an feá, an bheith, an fhuinseog agus an dair, a fhásann go mall, agus is éasca cur as dóibh fiú mura gcuirtear ach méid chomh beag le 50mm (2 orlach) d'ithir anuas ar a bhfréamhacha. Beidh toradh cosúil leis sin ach na fréamhacha a chlúdach le cré nó tarramhacadam. Níor chóir leibhéil na talún a athrú mar sin laistigh de spré dhuilleoga an chrainn.

Trinsí agus Dúshraitheanna *Ba chóir iarracht a dhéanamh gach uair gur féidir gan cur isteach ar na fréamhacha, trí dúshraitheanna agus obair thochailte le haghaidh trinsí a shuíomh glan amach ó spré chraobha an chrainn.* Mura féidir seo a dhéanamh, ba chóir an obair thochailte a dhéanamh de láimh agus níor chóir ach fréamhacha is lú ná 50 mm (2 orlach) trasna a ghearradh féin. Ba chóir fréamhacha a ghearradh go glan díreach agus a chóireáil le séaltán amhail Arbrex. Ba chóir an obair aislíonta a dhéanamh de láimh freisin.

Cáblaí Níor chóir cáblaí lasnairde a chur trí chrainn toisc gur minic nach mór crainn a bhearradh dá bharr ionas go bhfaighfear bealach glan réidh tríothu do na cáblaí.

Cranncheardaíocht Ba chóir do chranncheardaí aon obair leagtha is cranncheardaíochta a dhéanamh sula dtéitear ar aghaidh leis an obair fhoirgníochta. Seachnaítear an trioblóid agus na costais níos mó a bhaineann le hobair a dhéanamh ar na crainn tar éis do na foirgnimh a bheith curtha i gcrích. Cinntítear leis freisin go ndéantar a laghad dochar do chrainn a choinnítear agus is féidir. Seans go mbeadh cranncheardaí ag teastáil freisin chun aon dochar do chrainn a tharlaíonn i gcaitheamh na hoibre foirgníochta, a chóireáil.

Feithiclí, Comharthaí, Stóráil agus Tinte Chun an baol go mbeidh an ithir ró-dhlúth agus go ndéanfar dochar do na crainn de bharr oibre meicniúla, a sheachaint, níor chóir go dtarlódh aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas faoi bhun cheannbhrat na gcrann: botháin láithreáin a thógáil, ábhair a stóráil, lena n-áirítear ithir agus breosla, feithiclí dul thart agus tinte a lasadh.

Cosaint

Ba chóir claí daingean 1.6 m (5 throigh) ar airde a thógáil thart ar na crainn atá le coinneáil. Toisc go dtarlaíonn formhór an dochair do na fréamhacha de ghnáth, bíonn sé tábhachtach go gcrioslódh an claí an limistéar atá faoi chlúdach spré na gcraobh ar a laghad. Ba chóir na claíocha a thógáil sula gcuirtear tús le haon obair ar an láithreán agus ba chóir don phríomhchonraitheoir iad a chothabháil i gcaitheamh thréimhse an chonartha.

Ní athrófar na leibhéil, ní dhéanfar trinsí a thochailt agus

Fálú Cosanta

ní bheidh an ithir dlúthaithe de bharr meaisínra, ábhar agus botháin láithreáin má chuirtear claíocha thart timpeall na gcrann.

Seicliosta

Ag céim dheartha an láithreáin

- *Déan suirbhéireacht chrann le suíomh beacht na gcrann a thaispeáint, chomh maith lena speiceas, airde an chrainn agus a leithne is atá spré dhuilleoga an chrainn agus an crann timpeall a stoic, an bhail atá air agus a luach mar shaoráid. Ba chóir léarscáil na suirbhéireachta a bheith ar comhscála le léarscáileanna na ndearthaí agus a bheith curtha isteach in éineacht leis an iarratas pleanála.*
- *Seiceáil srianta dlí.*
- *Dear an fhorbraíocht ionas go mbeidh foirgnimh á dtógáil amach ó chrainn atá le coinneáil agus seachain nach molfá aon athruithe ar leibhéal na talún, ar thochailtí agus ar sheirbhísí in aice leis na crainn seo.*

Roimh an Obair Fhoirgníochta

- *Déan léarscáil a thaispeánfaidh na réamhoibreacha ar fad, lena n-áirítear gach crann atá le leagan agus le coinneáil, chomh maith leis an áit a shuífear claíocha cosanta, limistéir d'fhoirgnimh an láithreáin, comhdhúile na n-ábhar, bóithre le teacht isteach agus bóithre sealadacha. Ba chóir cloí leis na tograí seo i gcaitheamh na hoibre foirgníochta.*
- *Fostaigh crannchéardaí leis an obair riachtanach a dhéanamh ar na crainn.*
- *Tóg claíocha daingne cosanta thart faoi spré dhuilleoga an chrainn atá le coinneáil.*

I gCaitheamh na hOibre Foirgníochta

- *Déan maoirseacht ar an láithreán, á chinntiú go bhfuil claíocha á gcothabháil agus nach bhfuil dochar á dhéanamh do chrainn.*
- *Cinntigh go gcóireálfidh crannchéardaí aon dochar a dhéantar de thimpiste ar chrann ar an bpointe.*

Tar éis na hOibre Foirgníochta

- *Scrúdaigh na crainn, cóireáil aon dochar nár tugadh faoi deara roimhe, agus cuir leasachán ginearálta crann orthu.*
- *Bain na claíocha as a chéile agus glan thart ar na crainn.*
- *Cuir crainn nua agus tírdhreach an láithreáin á chóiriú go ginearálta.*

Eolais Breise

An tSeirbhís Foraoise,
Caisleán Bhaile Sheáin,
Co. Loch Garman
Teil: (053) 602000
Lóghlaoch: 1890 200 223

Comhairle Crann na hÉireann,
Áras Chábán tSíle,
Cábán tSíle,
Co. Bhaile Átha Cliath.
Teil. (01) 284 9211
Ríomhphost: trees@treecouncil.ie
Láithreán Gréasáin:
www.treecouncil.ie

Crann,
An Phríomhshráid,
Beannchar, Co. Uíbh Fhailí,
Teil: (0509) 51718
Ríomhphost: info@crann.ie
Láithreáin Gréasáin:
www.crann.ie

Arna eisiúint ag:
ENFO - Seirbhís Eolais an Chomhshaoil
17 Sráid Naomh Aindrias,
Baile Átha Cliath 2, Éire

Teil: ***(01) 8883910***
Lóghlaoch: **1890 200191**
Faics: **(01) 888 3946**
r-phost: ***info@enfo.ie***
www.enfo.ie

Scríobh chuig nó tabhair cuairt ar ár nIonad ag an seoladh thuas nó féadfaidh tú na seastáin eolais ENFO ag Oifig d'Údaráis Áitiúil/Leabharlainne Contae a sheiceáil amach.

Seirbhís phoiblí saor in aisce is ea ENFO de chuid na Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte
Eanáir 2003